TEASTAS UM
OIDHREACH ÉIREANNACH

Maidir leis an Teastas

Réamhra

Chruthaigh Rialtas na hÉireann Teastas Oidhreachta na hÉireann chun aitheantas a chur ar an mórcheangal le hÉirinn a mhothaíonn go leor daoine de shliocht Éireannach ina gcroí agus chun an mórcheangal sin a shonrú go hiomchuí. Cé acu cuairt a thabhairt ar Éirinn, taighde a dhéanamh ar stair mhuintire, páirt a ghlacadh i gcultúr na hÉireann, ballraíocht chumann, gníomhaíochtaí pobail, léann Éireannach a chur chun cinn nó cuidiú lenár bhforbairt sóisialta agus geilleagrach, is foinse láidreachta iad na buancheangail seo agus soláthraíonn siad deiseanna dúinn go léir.

Tá súil ag Rialtas na hÉireann go mbeidh meas ar an dTeastas ag iad siúd a bhfuil mórshuim acu cheana féin ina n-oidhreacht Éireannach agus go mbeidh an Teastas mar shiombail den cheangal stairiúil eadrainn, agus go spreagfar daoine eile a sinsear Éireannach a chur faoi chaibidil. Ar ndóigh, tugann an Teastas onóir chomh maith do na sinsir úd a chruthaigh deiseanna do ghlúinte le teacht de thoradh ar a n-íobairt agus a n-aistear guaiseach.

Tithe an Rialtais, Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath

Cúlra Stairiúil

D'fhág 5 milliún duine ar a laghad slán le hÉirinn sa 19ú Aois, agus leán ar a laghad 1.5 milliún duine ina ndiaidh sa 20ú aois. Tugann roinnt saineolaithe measchán go mb'fhéidir gur fhág suas le 9 milliún duine oileán na hÉireann ó 1700 i leith, i gcomparáid le buaicdhaonra sna 1830í de thart ar 8.5 milliún agus daonra uile- Éireann anois de thart ar 6.4 milliún. D'imigh na heisimirceoirí sin go dtí gach aird den domhan, go háirithe go dtí an Riocht Aontaithe, go dtí na Stáit Aontaithe, go Ceanada, go dtí An Astráil, An Airgintín, An Nua-Shéalainn, agus Meicsiceo.

Inniu meastar ar bhonn figiúirí an Daonáirimh go bhfuil i bhfad níos mó ná 70 milliún duine ar fud an domhain de shliocht Éireannach.

Teastas um Oidhreach Éireannach

Do Theastas

Tig le hiarratasóirí a rogha a dhéanamh as líon dearaí. Tá an t-ábhar céanna iontu, ach le téamai éagsula amhairc a bhaineann le hÉirinn. Tá na dearaí le feiceáil san Áiléar Deartha ar an suíomh gréasáin, agus is iad seo atá ar fáil i dtosach:

- Long Imirce, Bá Bhaile Átha Cliath, 1853
- Snaidhm Cheilteach
- Iarthar na hÉireann

Beidh gach teastas ar leithligh duit, agus d'ainm féin maraon le hainmneacha sinsear nó dhó á dtaispeáint. Más rud é go bhfuil tú ar eolas faoin áit inar rugadh do shinsear, nó más eol duit an bhliain inar rugadh iad, beidh na sonraí sin á dtaispeáint ar an Teastas chomh maith.

Frámáil an Teastais

Tá an Teastas 11" x 14" i méid, priontáilte ar pháipéar de chaighdeán an-ard. Tá an Teastas in oiriúint do mhéid na gnáthfhrámaí a bhíos ar fáil i go leor tíortha agus d'fhéadfá fráma a roghnú duit féin.

D'fhéadfá Teastas a ordú agus é frámaithe cheana, ionas go mbeidh sé réidh le crochadh nuair a sheachadtar é. Tabhair cuairt ar an Áileár Deartha ar líne chun stíl snasta na frámaí atá ar fáil a fheiceáil – saincheaptha as Mahagaine, Ór Scuabtha agus Veinír Gallchnó.

Conas is féidir liom Teastas a fháil?

Ní foláir go bhfuil sinsear amháin ar a laghad agat a rugadh in Éirinn. Iarrann Rialtas na hÉireann ar iarratasóirí eolas faoina sinsear a léiriú, mar seo a leanas:

- Ainm agus sloinne do shinsear a bheith ar eolas agat maraon leis na ndaoine sa sliocht díreach ón sinsear sin
- Doiciméad amháin a bheith agat a thagraíonn dod' shinsear agus a léiríonn a náisiúntacht Éireannach. D'fhormhór na ndaoine, is iad na taifid Daonáirimh, Breithe, Pósta nó Bais, na cinn is éasca a fháil.

Ansin thig leat iarratas a dhéanamh ar líne, agus ni foláir duit cóip de do Chomhartha Aitheantais a bheith agat chomh maith Ní foláir na doicimeid a uaslódáil mar íomhánna scanta. Go tipiciúil tógann sé suas le 3 seachtain le d'iarratas a phróiseáil agus le do Theastas a sheoladh.

Ag Tabhairt Teastais mar Bhronntanas

Ní foláir do ghach aon duine iarratas a dhéanamh i gcáil phearsanta. Ní féidir iarratas a dhéanamh thar ceann duine eile, ach amháin i gcás páiste faoi 18: d'fhéadfadh tuismitheoir nó caomhnóir iarratas a dhéanamh thar ceann an pháiste. Mar aitheantas, áfach, as ócáidí ina mbeadh Teastas ina Bhronntanas mór le rá do dhlúthchairde nó do bhaill teaghlaigh, táthar ag súil le seirbhís dearbhán bronntanais agus postáilfear nuashonruithe faoi ar líne.

Tabhair cuairt ar www.heritagecertificate.ie

Tá na sonraí go léir faoi Dearaí Teastais, faoin bpróiseas iarratais agus seachadtha, an táille, agus faoi na ceisteanna coitianta ar fáil ag www.heritagecertificate.ie. Gheofaidh tú treoirlínte ar leith comh maith faoi conas do dhoiciméad ar shinsear a aimsiú sa tslí is éasca agus is éifeachtúla ó thaobh costais de.

Tá Gníomhairí Sheirbhís do Chustaiméirí ar fáil le comhairle a thabhairt duit maidir le d'iarratas agus freagróidh siad aon cheist uait.

Oibríonn FEXCO[2] Teastas um Oidhreachta Éireannach thar ceann [3]Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na hÉireann[4] Cóipcheart An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na hÉireann © 2011 www.heritagecertificate.ie | help@heritagecertificate.ie